

Clár

1.	Cad atá i gceist leis an Scéim Saorthaistil?	3
2.	Conas a cháilítear le haghaidh saorthaistil?	4
3.	Conas is féidir liom Pas Saorthaistil a fháil?	7
4.	An bhfuil cead ag duine ar bith a bheith in éineacht liom nuair a bhím ag taisteal?	8
5.	Cathain atá cead agam mo Phas Saorthaistil a úsáid?	9
6.	Cathain nach bhfuil cead agam mo Phas Saorthaistil a úsáid?	10
7.	An bhfuil cead agam é a úsáid ar sheirbhísí aeir ar bith?	10
8.	Conas is féidir liom mo Phas Saorthaistil a úsáid?	11
9.	An gá dom cruthúnas aitheantais a thaispeáint?	13
10.	Céard ba cheart dom a dhéanamh má chaillim mo Phas Saorthaistil?	14
11.	An gá dom mo Phas Saorthaistil a thabhairt ar ais riamh?	14
12.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	15

Aguisín 1

Pas Saorthaistil Compánaigh	17
-----------------------------	----

Aguisín 2

Saorthaisteal ar thurais trasteorann	20
--------------------------------------	----

Aguisín 3

Saorthaisteal Uile-Éireann	21
----------------------------	----

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí le d'ionad áitiúil de chuid Intreo, d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 15 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é á chur i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

1. Cad atá i gceist leis an Scéim Saorthaistil?

Faoin Scéim Saorthaistil atá á reáchtáil ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, tugtar cead do dhaoine **atá 66 bliain d'aois nó os a chionn sin** agus a bhfuil buanchónaí orthu laistigh den Stát seo taisteal saor in aisce ar sheirbhísí uile iompair CIÉ, nach mór, agus chomh maith leis sin ar sheirbhísí iompair de chuid comhlachtaí príobháideacha i mórán áiteanna ar fud na tíre.

Is féidir le daoine áirithe faoi éagumas atá **faoi bhun 66 bliain d'aois** agus atá ina gcónaí go buan sa Stát cáiliú le haghaidh Saorthaistil chomh maith.

Tá seirbhísí CIÉ á gcur ar fáil ag Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath. Is féidir liosta a fháil de na comhlachtaí príobháideacha a ghlacann páirt sa Scéim Saorthaistil, ón Rannóg Saorthaistil. Féach ar leathanach 7 chun sonraí teagmhála a fháil.

Is féidir taisteal saor in aisce ar thurais atá taobh istigh den Stát seo amháin agus ar thurais trasteorann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Féach ar leathanach 20 do na sonraí.

Má tá tú **66 bliain d'aois nó níos sine**, is féidir leat a bheith ag taisteal saor in aisce ar thurais taobh istigh de Thuaisceart Éireann. Féach ar leathanach 21 chun sonraí a fháil.

Saorthaisteal agus an Cárta Seirbhísí Poiblí

Tá an Rialtas ag tabhairt isteach Cárta Seirbhísí Poiblí, rud a ligfidh do dhaoine teacht ar réimse leathan seirbhísí agus íocaíochtaí rialtais. Cuirfear an Cárta Seirbhísí Poiblí in áit an Phas Saorthaistil ar deireadh. Tá cuireadh á thabhairt do chustaiméirí de réir a chéile faoi láthair clárú le haghaidh Shaorthaisteal an Chárta Seirbhísí Poiblí. Tá sé beartaithe go mbeidh gach custaiméir cláraithe le haghaidh Shaorthaisteal an Chárta Seirbhísí Poiblí taobh istigh de na 18 mí amach romhainn.

Má tá tú i dteideal saorthaistil, beidh an Cárta nua Seirbhísí Poiblí a eiseofar duit mar Chárta Saorthaistil agat chomh maith. Beidh F-T (ST) clóite in ochtagán buí i gcúinne uachtarach clé an chárta.

Caithfidh tú do Chárta Seirbhísí Poiblí a thaispeáint don oibreoir taistil nuair a bhíonn tú ag taisteal ar iompar poiblí. Nuair a gheobhaidh tú do Chárta nua Seirbhísí Poiblí, caithfidh tú do sheanphas saorthaistil a sheoladh ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá trí chatagóir Pas Saorthaistil ann:

Má tá FT-P scríofa ar do Chárta Seirbhísí Poiblí, tá tú féin i dteideal saorthaistil go pearsanta.

Má tá FT+S scríofa ar do Chárta Seirbhísí Poiblí, tá cead ag do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dul in éineacht leat saor in aisce nuair a bhíonn tú ag taisteal (níl cead aige/aici taisteal ina (h)aonar saor in aisce). Ní bheidh ainm do chéile, do pháirtneára sibhialta nó do chomhchónaitheora ar an gcárta.

Má tá FT+C scríofa ar do Chárta Seirbhísí Poiblí, tá cead ag compánach (os cionn 16 bliana d'aois) taisteal in éineacht leat saor in aisce (toisc nach féidir leat taisteal i d'aonar ar chúiseanna sláinte).

2. Conas a cháilítear le haghaidh saorthaistil?

Má theastaíonn uait cáiliú le haghaidh saorthaistil agus Pas Saorthaistil a fháil, is gá duit a bheith i do chónaí go buan sa Stát agus a bheith 66 bliain d'aois nó níos sine.

Má tá tú **faoi bhun 66 bliain d'aois** agus buanchónaí ort sa Stát seo beidh tú i dteideal Pas Saorthaistil a fháil má bhaineann **ceann ar bith** de na ráitis seo a leanas thíos leat:

- Faigheann tú ceann amháin de na híocaíochtaí seo a leanas:
 - Pinsean Easláine,
 - Pinsean na nDall,
 - Liúntas Míchumais,
 - Forlíonadh Éagumais nó Cúiteamh Oibrithe in éineacht le Pinsean Míthreorach, ar feadh 12 mhí ar a laghad,

- Liúntas Cúramóra, (is féidir leat pas stádais shingil amháin a fháil, má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois),
- Íocaíocht easláine leasa shóisialaigh nó íocaíocht chomhchosúil ar feadh 12 mhí ar a laghad, ó thír atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh ag Éirinn léi. Féach ar leathanach 6 chun sonraí a fháil.

nó

- Tá tú mar chúramóir sainithe ag duine a fhaigheann Liúntas Síorfhreastail nó Liúntas Gaolta Forordaithe ón Roinn seo (is féidir leat pas stádais shingil amháin a fháil, má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois),

nó

- Más dall tú, nó má tá amharc fíor-lag agat agus má shásaíonn tú na coinníollacha leighis le haghaidh Phinsean na nDall,

nó

- Is baintreach, baintreach fir nó páirtneir sibhialta marthanach thú idir 60 agus 65 bliain d'aois, bhí Pas Saorthaistil ag do chéile nó do pháirtneir sibhialta nach maireann nuair a fuair sé/sí bás agus bhí sibh in aontíos le chéile go buan. Sa chás seo, is gá duit a bheith ag fáil ceann amháin de na híocaíochtaí seo a leanas:

- Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh,
- Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh,
- Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora,
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir no Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde,

- íocaíocht chomhchosúil leasa shóisialaigh ó thír atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE, nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh aici le hÉirinn. (Féach thíos chun sonraí a fháil),
- **Gnáthphínsean** Baintreach Garda ón Roinn Dlí, Cirt agus Athchóirithe Dlí.

Is iad na tíortha atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó faoi Chomhaontú Déthaobhach ná:

- | | | |
|-----------------|-------------------|---------------------|
| • An Bheilg | • An Iodáil | • An Spáinn |
| • An Bhulgáir | • An Iorua | • An tSlóivéin |
| • An Chipir | • An Íoslainn | • An tSlóvaic |
| • An Chróit | • An Ísiltír | • An tSualainn |
| • An Danmhairg | • An Laitvia | • An Ungáir |
| • An Eastóin | • An Liotuáin | • Aontaithe |
| • An Eilvéis | • An Ostair | • Éire |
| • An Fhionlainn | • An Pholainn | • Lichtinstéin |
| • An Fhrainc | • An Phortaingéil | • Lucsamburg |
| • An Ghearmáin | • An Ríocht | • Málta |
| • An Ghréig | • An Rómáin | • Poblacht na Seice |

3. Conas is féidir liom Pas Saorthaistil a fháil?

Gheobhaidh tú Pas Saorthaistil go huathoibríoch ag 66 bliain d'aois, má fhaigheann tú pinsean ón Roinn seo agus má tá tú i do chónaí go buan sa Stát.

Má tá tú **faoi bhun 66 bliain d'aois** agus i do chónaí go buan sa Stát, eiseofar Pas Saorthaistil duit go huathoibríoch nuair a bhronnfar Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais nó Liúntas Cúramóra ort.

I ngach cás eile, is gá duit iarratas a chur isteach ar Phas Saorthaistil trí fhoirm chlárúcháin **FT 1** a chomhlánú. Is féidir leat foirm chlárúcháin a fháil:

- ar an Idirlíon ag **www.welfare.ie**
- seol téacs chuig **51909** (féach na sonraí ar Leathanach 16)
- ó d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh

Seol an fhoirm chomhlánaithe in éineacht le doiciméid riachtanacha ar bith chuig:

Rannóg Saorthaistil

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach.

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+353 71 915 7100 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

Tabhair do d'aire

D'fhéadfadh difríochtaí a bheith sna rátaí a ghearrtar ar úsáid a bhaint as uimhreacha 1890 (Íosghlao) agus é faoi réir na soláthraithe seirbhíse éagsúla.

4. An bhfuil cead ag duine ar bith a bheith in éineacht liom nuair a bhím ag taisteal?

Do Chéile, do Pháirtneír Sibhialta nó do Chomhchónaitheoir

Má tá tú cáilithe le haghaidh Pas Saorthaistil agus má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó in aontíos le duine, is féidir leat Pas Saorthaistil a fháil a ligfidh do do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir a bheith in éineacht leat saor in aisce, nuair a bhíonn tú ag taisteal. Níl sé seo i gceist má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois agus má fhaigheann tú Liúntas Cúramóra nó más cúramóir ainmnithe thú ag duine a fhaigheann Liúntas Síorfhreastail nó Liúntas Gaolta Forordaithe ón Roinn seo.

Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, gheobhaidh tú an cineál ceart pas (a cheadóidh do do chéile nó do pháirtneír sibhialta taisteal leat saor in aisce), má chuireann tú iarratas isteach ar Phas Saorthaistil nó má fhaigheann tú é go huathoibríoch.

Má tá tú in aontíos le duine, is gá duit iarratas a chur isteach ar an gcineál seo pas trí fhoirm chlárúcháin **FT 1** a chomhlánú. Má tá Pas Saorthaistil agat cheana (stádas singil), ba chóir duit é a sheoladh ar ais in éineacht le foirm chlárúcháin **FT 1**.

Compánach (murar féidir leat taisteal i d'aonar)

D'fhéadfá a bheith i dteideal Pas Saorthaistil Compánaigh a fháil, má bhí sé mar thoradh ar mheasúnú leighis go bhfuarthas amach nach bhfuil tú in ann taisteal i d'aonar. Pas é seo a thugann cead **do dhuine amháin**, ach 16 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine sin, an Pas-shealbhóir a thionlacan le linn taistil. Tá na coinníollacha faoina dtugtar Pas Saorthaistil Compánaigh do dhuine le feiceáil in Aguisín 1.

Má theastaíonn uait iarratas a chur isteach ar an gcineál seo pas, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Rannóg Saorthaistil ag an seoladh atá léirithe thall.

Tabhair do d'aire

Níl cead ach ag an duine atá ainmnithe an Pas Saorthaistil a úsáid, agus níl cead agat é a thabhairt do dhuine eile ar mhaithe lena úsáid.

5. Cathain atá cead agam mo Phas Saorthaistil a úsáid?

Tá cead agat do Phas Saorthaistil a úsáid ag am ar bith, ar na seirbhísí iompair seo a leanas.

- Bus Átha Cliath (seachas Nitelink agus busanna aerfoirt speisialta)
- Bus Éireann (seirbhísí cathrach)
- Bus Éireann (seirbhísí fadraoin)
- Iarnród Éireann
- DART
- LUAS
- Seirbhísí bus agus farantóireachta príobháideacha áirithe
- Seirbhísí trasteorann áirithe idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann
- Seirbhísí áirithe taobh istigh de Thuaisceart Éireann*

*Níl sé seo ar fáil ach do shealbhóirí pas atá os cionn 66 bliain d'aois agus a bhfuil cárta SmartPass Sinsearach acu - Féach ar Aguisín 3 ar leathanach 21 chun sonraí sa bhreis a fháil.

6. Cathain nach bhfuil cead agam mo Phas Saorthaistil a úsáid?

Ní féidir do Pas Saorthaistil a úsáid:

- ar sheirbhísí nach bhfuil liostaithe sna cláir ama oifigiúla iarnróid agus bus atá ag Bus Átha Cliath, Bus Éireann nó Iarnród Éireann,
- ar camchuariteanna agus ar sheirbhísí bus nó iarnróid speisialta,
- ar turais ghrúpa eagraithe,
- ar sheirbhísí Busanna Oíche Bhus Átha Cliath, • ar sheirbhísí speisialta aerfoirt Bhus Átha Cliath, agus
- i gcás taistil den Chéad Aicme nó Ard-Aicme ar aon seirbhís (ach amháin má íocann tú an táille bhreise cheart).

7. An bhfuil cead agam é a úsáid ar sheirbhísí aeir ar bith?

Turais go dtí agus ó Oileáin Árann

Má tá Pas Saorthaistil agat agus má tá tú i do chónaí go buan ar cheann ar bith d'Oileáin Árann, is féidir leat taisteal saor in aisce ar sheirbhísí Aer Árann idir na hoileáin agus Cathair na Gaillimhe. Tá seirbhís aerlíne á feidhmiú ag Aer Árann idir Oileáin Árann agus Aerfort Chonamara in Indreabhán, Co. na Gaillimhe agus cuireann sé seirbhís tointeála bus ar fáil chomh maith idir Aerfort Chonamara agus Cathair na Gaillimhe.

Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht sibhialta nó in aontíos le duine agus má tá an cineál ceart de Phas Saorthaistil agat, tá cead ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dul in éineacht leat saor in aisce. Má tá Pas Saorthaistil Compánaigh agat, is féidir le **haon** duine amháin atá 16 bliain d'aois nó níos sine, dul in éineacht leat saor in aisce.

Tá cead agat suas le 12 thuras shingile (nó suas le 6 thuras fillte) in aghaidh na bliana a dhéanamh idir Oileáin Árann agus Cathair na Gaillimhe leis an bPas Saorthaistil. Is féidir leat turais bhreise gan teorainn a dhéanamh ar tháille laghdaithe speisialta.

Má tá cónaí ort ar an mórthír agus má tá Pas Saorthaistil agat, tá cead agat leas a bhaint as seirbhísí bus agus aeir Aer Árann ar tháille laghdaithe speisialta, le dul idir Gaillimh agus Oileáin Árann. Tá cead ag do chéile, do pháirtneír sibhialta, do chomhchónaitheoir nó compánach tú a thionlacan agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe speisialta chomh maith.

Turais go dtí agus ó Oileán Thoraí

Má tá Pas Saorthaistil agat agus má tá tú i do chónaí go buan ar Oileán Thoraí, Co. Dhún na nGall, is féidir leat taisteal saor in aisce ar an tseirbhís héileacaptair idir an t-oileán agus an Fál Carrach ar an mórthír.

Is féidir an Pas Saorthaistil a úsáid le haghaidh 8 dturas shingile (nó suas le 4 thuras fillte) in aghaidh na bliana. Tá cead ag do chéile, do pháirtneír sibhialta, do chomhchónaitheoir nó compánach dul in éineacht leat saor in aisce.

8. Conas is féidir liom mo Phas Saorthaistil a úsáid?

Is gá duit do Phas Saorthaistil a thaispeáint i gcónaí, le bheith ag taisteal saor in aisce.

Má bhíonn tú ag taisteal le Bus Átha Cliath, Bus Éireann nó ar sheirbhísí bus príobháideacha:

- bíonn ort do Phas Saorthaistil a thaispeáint don tiománaí bus nuair a théann tú in airde ar an mbus. Ní gá go mbeadh ticéad bus agat chun na seirbhísí seo a úsáid.

Sula n-úsáideann tú príomhlíne Iarnród Éireann, DART nó seirbhísí seachtracha fobhailteacha:

- bíonn ort do Phas Saorthaistil a thaispeáint ag deasc na dticéad sa stáisiún traenach agus ticéad iarnróid saor in aisce a fháil. Má tá tú chun filleadh ar an lá céanna, gheobhaidh tú ticéad Fillte Lae. Gheobhaidh tú ticéad turas aonair i ngach cás eile. Beidh ort ticéad singil eile a fháil, sula ndéanfaidh tú do thuras fillte.

Nuair a bhíonn seirbhísí farantóireachta príobháideacha in úsáid agat:

- bíonn ort do Phas Saorthaistil a thaispeáint d'oibreoir an bháid farantóireachta. Faigheann tú ticéad don turas i gcásanna áirithe.

Tabhair do d'aire

Ní féidir aisíocaíocht a fháil as na turais a dhéanann tú gan do Phas Saorthaistil ná as moilleanna ar bith a tharlaíonn le linn duit do Phas Saorthaistil a úsáid.

9. An gá dom cruthúnas aitheantais a thaispeáint?

Nuair a bhíonn do Phas Saorthaistil in úsáid agat, bíonn ort do Phas a thaispeáint le haghaidh cigireachta, do Chigire de chuid an oibreora iompair nó d'oifigeach den Roinn Coimirce Sóisialaí, má iarrtar é.

Bíonn ort aitheantas grianghraif Saorthaistil a thaispeáint chomh maith, má tá tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath, i gCathair Chorcaí, i gCathair Phort Láirge, i gCathair Luimnigh nó i gCathair na Gaillimhe. Is féidir é seo a fháil saor in aisce ó oifigí CIÉ. Ba cheart duit an pas grianghraif seo a fháil taobh istigh de mhí amháin ó fuair tú do Phas Saorthaistil.

Seans go mbeidh ortsa agus ar do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir atá in éineacht leat cruthúnas aitheantais a chur ar fáil chomh maith, trí shampla de bhur síniú agus/nó aitheantas grianghraif a chur ar fáil do na hoifigigh atá luaite thuas, nó d'oibreoir príobháideach bus.

D'fhéadfaí Pas Saorthaistil a thógáil agus a chur ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí, dá gceapfaí go bhfuil mí-úsáid á baint as.

10. Céard ba cheart dom a dhéanamh má chaillim mo Phas Saorthaistil?

Má chailleann tú do Phas Saorthaistil nó má ghoidtear é, ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Phas nua trí foirm **FT 27** a chomhlánú. Is féidir foirm iarratais a fháil:

- ar an Idirlíon ag **www.welfare.ie**
- ó d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh
- trí dhul i dteagmháil leis **an Rannóg Saorthaistil** ag an seoladh ar leathanach 7.

Más mian leat Cárta Seirbhísí Poiblí Saorthaistil a cailleadh/a goideadh/a ndearnadh dochar dó a athsholáthar, caithfidh tú glao teileafóin a chur ar **1890 837000**.

11. An gá dom mo Phas Saorthaistil a thabhairt ar ais riamh?

I gcás go dtitfeadh aon cheann de na nithe seo thíos amach, ní mór duit do Phas Saorthaistil a chur ar ais go dtí an seoladh atá luaite ar leathanach 7:

- Mura bhfuil tú i do chónaí go buan sa Stát a thuilleadh.
- Má bhogann tú go dtí seoladh eile (nuair a chuirfidh tú do Phas ar ais, gheobhaidh tú Pas nua don seoladh nua atá agat).
- Mura sásaíonn tú na coinníollacha a bhaineann leis an teidlíocht Saorthaistil ar leith atá agat a thuilleadh.

12. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má theastaíonn uait a thuilleadh eolais a fháil faoi Shaorthaisteal, téigh i dteagmháil le d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó leis **an Rannóg Saorthaistil** ag an seoladh ar leathanach 7.

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Seol téacs chuig **51909** (féach na sonraí ar Leathanach 16).
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair do d'aire

D'fhéadfadh difríochtaí a bheith sna rátaí a ghearrtar ar úsáid a bhaint as uimhreacha 1890 (Íosghlao) agus é faoi réir na soláthraithe seirbhíse éagsúla.

Chun foirmeacha a iarraidh, seol an cód foirme trí théacs, chomh maith le d'ainm agus do sheoladh go dtí 51909 (ó Phoblacht na hÉireann amháin). Bíonn gnáthrátaí téacs i gceist.

Mar shampla, má theastaíonn uait foirm an Liúntais Cúramóra a iarraidh, seol an téacs seo a leanas - FORM CARA MÁIRE UÍ MHURCHÚ, 1 AN TSRÁID NUA, AN SEANBHAILE, CO. DHÚN NA NGALL.

Íocaíocht nó scéim leasa shóisialaigh	Cód foirme
An Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	FORM OPFP
Deontas Cúram Faoisimh	FORM RCG
Forlíonadh Ioncain Teaghlaigh	FORM FIS
Liúntas Breosla	FORM FUEL
Liúntas Cúram Baile	FORM DCA
Liúntas Cúramóra	FORM CARA
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua	FORM BTSCFA
Liúntas Míchumais	FORM DA
Méadú do Mhaireachtáil Aonair	FORM LAA
Pinsean Easláine	FORM INV
Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	FORM WCP
Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	FORM WNCP
Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)	FORM SPNC
Pinsean Stáit (Ranníocach)	FORM SPC
Saorthaisteal	FORM TRAVEL
Sochair Teaghlaigh	FORM HHB
Sochar Cúramóra	FORM CARB
Sochar Linbh (Foirm CB1)	FORM CHILD
Sochar Máithreachais	FORM MAT

Aguisín 1

Pas Saorthaistil Compánaigh

Pas é seo a thugann cead do dhuine amháin atá 16 bliana d'aois nó níos sine, dul in éineacht leat saor in aisce nuair a bhíonn tú ag taisteal.

Bíonn ort ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a shásamh le cáiliú le haghaidh Pas Saorthaistil Compánaigh:

Sealbhóirí Pas Saorthaistil atá 66 bliain d'aois nó níos sine:

- Tá tú idir 66 agus 69 bliain d'aois (na haoiseanna sin san áireamh) agus tá measúnú leighis déanta ort a thugann le fios nach bhfuil tú in ann taisteal leat féin,
- Tá tú 70 bliain d'aois nó níos sine agus dhearbhaigh dochtúir nach bhfuil tú in ann taisteal leat féin,
- Tá cúram agus aire lánaimseartha á gcur ar fáil duit ag duine a fhaigheann Liúntas Cúramóra ón Roinn seo,
- Dhearbhaigh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann nó do dhochtúir ginearálta gur úsáideoir buan cathaoir rothaí thú,
- Tá tú dall nó tá radharc fíor-lag agat agus
 - sásaíonn tú na coinníollacha daille le haghaidh Pinsean na nDall nó
 - tá tú cláraithe mar dhall le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill nó le Conradh Náisiúnta na hÉireann do na Daill.

Sealbhóirí Pas Saorthaistil atá faoi bhun 66 bliain d'aois:

- Tá Liúntas Míchumais nó Pinsean Easláine nó Pinsean Míthreorach agus Forlíonadh Éagumais á bhfáil agat, agus tú i ndiaidh do mheasúnaithe ag lucht leighis mar dhuine nach bhfuil in ann taisteal ina (h)aonar,
 - bhí tú ag fáil Liúntas Míchumais roimhe seo, nó
- Tá tú dall nó tá radharc fíor-lag agat agus tá tú:
 - ag fáil Pinsean na nDall, nó

- ag comhlíonadh an choinníll daille le haghaidh Phinsean na nDall, nó
- tá tú cláraithe mar dhall le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill nó le Conradh Náisiúnta na hÉireann do na Daill,
- Tá tú ag fáil ceann amháin de na híocaíochtaí cáilitheacha ar leathanach 17 agus tá tú deimhnithe ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann nó ag do dhochtúir ginearálta mar úsáideoir buan cathaoir rothaí,
- Tá cúram agus aire lánaimseartha á gcur ar fáil duit ag duine a fhaigheann Liúntas Cúramóra ón Roinn seo. Bíonn ort a bheith i dteideal Pas Saorthaistil a fháil i do cheart féin, le cáiliú le haghaidh pas compánaigh i bhfianaise an choinníll seo. Féach ar na coinníollacha saorthaistil ar leathanaigh 4, 5 agus 6.

Pas Saorthaistil Compánaigh, do leanbh lagamhairc:

Tá leanbh lagamhairc i dteideal Pas Saorthaistil Compánaigh a fháil, má tá sé/sí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus:

- má shásaíonn sé/sí an coinníoll daille le haghaidh Phinsean na nDall, nó
- má tá sé/sí cláraithe le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill nó le Conradh Náisiúnta na hÉireann do na Daill.

Tuismitheoir nó Caomhnóir:

Is gá duit Pas Saorthaistil Compánaigh an linbh a chur ar ais chuig an Rannóg Saorthaistil sa chás:

- go dtagann feabhas ar radharc súl an linbh, rud a fhágann nach bhfuil an leanbh ag comhlíonadh na gcoinníollacha thuas a thuilleadh,
- nach bhfuil cónaí buan ar an leanbh sa Stát níos mó,
- má athraíonn an leanbh a s(h)eoladh (nuair a chuirfidh tú an Pas Saorthaistil ar ais, gheobhaidh tú pas nua don leanbh agus an seoladh nua air).

Níl cead ach ag an leanbh atá ainmnithe ar an bPas Saorthaistil Compánaigh é a úsáid. Níl cead aige/aici é a thabhairt do dhuine éigin eile chun úsáid a bhaint as.

ÍOCAÍOCHTAÍ CÁILITHEACHA

Baineann na híocaíochtaí seo leis an gcás má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois:

- Pinsean Easláine,
- Pinsean na nDall,
- Forlíonadh Éagumais nó Cúiteamh Oibrithe in éineacht le Pinsean Míthreorach ar feadh 12 mhí ar a laghad (faoi Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde),
- Liúntas Míchumais,
- Íocaíocht Easláine nó íocaíocht chomhchosúil ar feadh 12 mhí ar a laghad, ó thír atá cuimsithe ag Rialacháin an CE nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh ag Éirinn léi.

Aguisín 2

Saorthaisteal ar thurais trasteorann

Tá cead agat do Phas Saorthaistil a úsáid le bheith ag taisteal saor in aisce ar thurais trasteorann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht sibhialta nó in aontíos le duine agus má tá an cineál ceart de Phas Saorthaistil agat, tá cead ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dul in éineacht leat saor in aisce. Nó má tá Pas Saorthaistil Compánaigh agat, tá cead ag aon duine amháin atá 16 bliana d'aois nó níos sine dul in éineacht leat saor in aisce.

Má tá tú i do chónaí i dTuaisceart Éireann agus má tá Pas Taistil Lamháltais ó Thuaisceart Éireann agat, tá cead agat a bheith ag taisteal saor in aisce ar thurais trasteorann chomh maith. Ach níl cead ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta, do chomhchónaitheoir ná do chompánach taisteal saor in aisce ar a leithéid de thurais, ach amháin má tá Pas Taistil Lamháltais ina c(h)earf féin aige/aici chomh maith.

Turais a chuimsítear

Bíonn ar do thuras trasteorann tosú ar thaobh amháin den teorainn agus críochnú ar an taobh eile di.

Tá cead agat aon mhodh taistil amháin a úsáid, mar atá, bus nó traein. Níl cead agat dul ó chóras go córas agus taisteal saor in aisce go fóill.

Is gá duit aon ticéad amháin a úsáid i gcomhair an turais. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go bhfuil cead agat taisteal saor in aisce ar an traein ó Chorcaigh go Béal Feirste, fad is gur léir ar an ticéad saor in aisce a fuair tú i stáisiún traenach Chorcaí gurb é Béal Feirste do cheann scríbe. Bíonn an rud céanna i gceist maidir le turais trasteorann ar bhus.

Aguisín 3

Saorthaisteal Uile-Éireann

Ma tá tú **66 bliain d'aois nó níos sine**, tá tú i dteideal taisteal saor in aisce ar sheirbhísí iompair atá ag oibriú go himheánach i dTuaisceart Éireann le cárta SmartPass sinsir, faoin scéim Saorthaistil uile-Éireann.

Cén duine a bhfuil cead aige/aici taisteal?

Bíonn ort a bheith **66 bliain d'aois nó níos sine** le cáiliú do Shaorthaisteal taobh istigh de Thuaisceart Éireann. Níl ach sealbhóir an chárta SmartPass i dteideal taisteal saor in aisce faoi théarmaí scéim lamháltais na dtáillí i dTuaisceart Éireann. Má tá pas céile, páirtnéara sibhialta, comhchónaitheora nó compánaigh agat ón Roinn Coimirce Sóisialaí, níl do chéile, do pháirtnéir sibhialta, do chomhchónaitheoir ná do chompánach i dteideal taisteal in éineacht leat saor in aisce taobh istigh de Thuaisceart Éireann le SmartPass. Tá cead ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta, do chomhchónaitheoir nó do chompánach leanúint de thaisteal leat saor in aisce ar thurais trasteorann.

Níl cead agat úsáid a bhaint as an bpas saorthaistil atá agat cheana le bheith ag taisteal saor in aisce taobh istigh de Thuaisceart Éireann, ach tá cead agat é a úsáid le haghaidh saorthaistil taobh istigh de Phoblacht na hÉireann go fóill.

Iarratas

Is gá duit cárta SmartPass Sinsearach a fháil ar dtús, sular féidir leat leas a bhaint as saorthaisteal taobh istigh de Thuaisceart Éireann.

Conas is féidir SmartPass Sinsearach a fháil?

Is gá foirm iarratais (**FTNI1**) a chomhlánú (agus peann nó badhró dubh á úsáid).

Tá foirmeacha iarratais ar fáil mar seo a leanas:

- Ag d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh (a bhfuil a sonraí liostaithe sna leathanaigh ghlasa san eolaire gutháin agus ar shuíomh gréasáin na Roinne chomh maith)
www.welfare.ie/EN/ContactUs/Pages/default.aspx
- Ag d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Nuair a bheidh an fhoirm iarratais comhlánaithe agat:

Caithfear an fhoirm iarratais chomhlánaithe a thabhairt isteach ag d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh, in éineacht le:

- * Grianghraf daite de chaighdeán pas a glacadh le déanaí agus
- * Fianaise aitheantais (ceadúnas tiomána/pas/aon fhoirm eile d'aitheantas grianghraif, má tá sé ar fáil) agus
- * Fianaise ar sheoladh (bille fóntais a fuarthas le déanaí, m.sh. bille leictreachais/gáis/gutháin/dramhaíola nó ráiteas bainc/cumann foirgníochta/comhar creidmheasa) agus
- * Pas Saorthaistil Reatha

Tar éis phróiseáil d'iarratais, seolfar do chárta SmartPass Sinsearach amach go díreach chuig do sheoladh baile sa phost, in éineacht le treoracha úsáide. D'fhéadfadh suas le sé seachtaine a bheith i gceist chun an t-iarratas a phróiseáil.

Níl aon táille ann ar do chéad chárta SmartPass Sinsearach. D'fhéadfadh táille a bheith ar chártaí athsholáthair. Coinnigh do chárta SmartPass Sinsearach in áit shábháilte, le do thoil.

Aisíocaíochtaí

Ní féidir aon aisíocaíochtaí a dhéanamh as ticéid a ceannaíodh taobh istigh de Thuaisceart Éireann, fad is a bhí tú ag fanacht le do chárta SmartPass Sinsearach.

